EXCELLENCE THROUGH
EDUCATION AND TRAINING

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí

*Laois and Offaly*
*Education and Training Board*

# PLEAN SEIRBHÍSE
2022

loetb

www.loetb.ie

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOOLUF | 4 |
| Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach | 5 |
| Próifíl/Cúlra BOOLUF | 6 |
| Léarscáil Gheografach de BOOLUF | 7 |
| Ráiteas Straitéise | 8 |
| Ráiteas ar Sheirbhísí 2022 | 10 - 23 |
| Forléargas ar Sheirbhísí 2022 (bainteach le BO amháin) | 24 |
| Mórthionscadail Chaipitiúla | 25 |
| Fáltas agus Caiteachas Measta do 2022 | 26 - 28 |
| Gluais | 29 |


# Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh Phlean Seirbhíse 2022 thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF). Is forleitheadach an obair a bhíonn ar siúl ag BOOLUF mar eagraíocht reachtúil agus é freagrach as iar-bhunscoileanna, breisoideachais agus soláthar oiliúna is seirbhísí a reáchtáil, chomh maith le seirbhísí óige, agus cláir phobail ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.

Tá riachtanais ár mic léinn i gcroílár na seirbhíse a chuireann BOOLUF ar fáil agus is í an bhéim seo a gcuireann ar ár gcumas freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an réigiúin atá de shíor ag athrú agus sinn ag dul ar aghaidh.

Sa Phlean Seirbhíse leagtar amach an raon cuimsitheach de ghníomhaíochtaí a thabharfaidh na Scoileanna faoi, chomh maith le Breisoideachas agus Oiliúna (BO), agus an Stiúrthóireacht um Thacaíocht Eagraíochta agus Forbartha Eagraíochta in 2022. Sa Phlean Seirbhíse leagtar amach freisin an fhaisnéis airgeadais bainteach le seo chomh maith leis na Príomhtháscairí Feidhmíochta d'fhonn monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm. Le linn 2022 fanfaimid dílis dár éiteas agus sinn ag iarraidh na deiseanna oideachais agus oiliúna ar feadh an tsaoil den chaighdeán is airde a sholáthar do gach pobal ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí .

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, Seosamh Ó Cuinneagáin, chomh maith lena fhoireann bainistíochta, agus leis an bhfoireann go léir ag BOOLUF as cé chomh tiomanta agus dúthrachtach is atá siad ó thaobh barr feabhais a bhaint amach maidir le hoideachas agus oiliúint. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt, le buíochas ó chroí, d'obair mo chomhaltaí boird agus iad chomh dícheallach flaithiúil sin ó thaobh a gcuid ama a roinnt ar mhaithe le rialachas BOOLUF a chur i gcrích.



Clr. Robert McDermott
Cathaoirleach

# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Forbraíodh an Plean Seirbhíse chun tacú le cur i bhfeidhm ár Ráiteas Straitéise 2018-2022. Cé go leagann an Ráiteas Straitéise amach ár dtosaíochtaí agus aidhmeanna thar thréimhse 5 bliana, is tábhachtach an rud é próiseas a bheith faoi réir chun tacú lena gcur i bhfeidhm i gcaitheamh.


shaolré na straitéise. Le linn fhorbairt an Phlean Straitéise, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin i gcomhair le bainistíocht shinsearach ag obair i ngach réimse de sholáthar le cinntiú gur cuí iad na bearta atá beartaithe le linn thimthriall an Phlean Seirbhíse agus go bhfuil siad ag teacht leis na tosaíochtaí agus na haidhmeanna foriomlána mar a leagtar amach iad inár Ráiteas Straitéise. Cinntíonn an próiseas comhairleoireachta freisin go bhfuil na torthaí atá leagtha amach do 2022 indéanta agus go ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí a gcuid féin díobh le linn dóibh a bheith i mbun a réimse féin de sholáthar seirbhísí.

Agus líon na mac léinn a fhreastalaíonn ar ár Scoileanna agus ár nIonaid Breisoideachais agus Oiliúna (BO) ag dul i méid, is léiriú é seo ar cé chomh maith is atá ag éirí lenár gcuid oibre ar bhonn leanúnach agus go bhfuil pleanáil airgeadais stuama ag teastáil dá réir lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní atá de dhíth ar fáil chun an ghníomhaíocht atá beartaithe a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl chomh le hómós a thabhairt:

- don Chathaoirleach agus do bhaill an Choiste Airgeadais as ucht a gcuid moltaí maidir leis an bplean,
- Do Chathaoirleach agus do Chomhaltaí Boird de chuid BOOLUF as ucht an plean a mheas agus é a fhaomhadh,
- Do Chathaoirligh agus do chomhaltaí na gcoistí BOOLUF a roinneann a gcuid ama go fial le linn dóibh obair an Bhoird a chur chun cinn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann i ngach ceann dár scoileanna, ionaid, seirbhísí, agus oifigí riaracháin as ucht tabhairt faoin a gcuid oibre do BOOLUF go díograiseach dúthrachtach i gcónaí agus táim ag súil le bheith ag obair leo chun cur i bhfeidhm an phlean a chinntiú.



Seosamh Ó Cuinneagáin
Príomhfheidhmeannach

# Gearrchuntas ar BOOLUF

Bunaíodh BOOLUF an 1 Iúil 2013 agus is é an soláthraí reachtúil é i dtaca le seirbhísí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do Laois agus Uíbh Fhailí. Is í príomhaidhm BOOLUF ná cur ar chumas ár mic léinn barr a maitheasa a bhaint amach. Déanaimid tréaniarracht eispéiris foghlama a thairiscint a fhreastalaíonn ar riachtanais daltaí ar gach leibhéal aoise agus cumais.

Cuirimid treoir agus tacaíochtaí ar fáil dár gcuid daltaí chun cabhrú leo a gcuspóirí agus a gcáilíochtaí foghlama a bhaint amach. Cuirimid roghanna aistrithe agus dul chun cinn ar fáil dár gcuid daltaí d'fhonn níos mó deiseanna a thabhairt dóibh ó thaobh breisoideachas agus oiliúint a thapú agus fostaíocht a fháil. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le háitribh agus le hacmhainní oiriúnacha dár gcuid daltaí trí chomh tiomanta agus atáimid don oideachas ionchuimsitheach.


Tá beann againn ar ár bhfreagrachtaí maidir le cearta an duine agus comhionannas, mar sholáthraí seirbhíse agus mar fhostóir araon. Tuigimid an tábhacht a bhaineann leis an teicneolaíocht mar mhodh foghlama, chomh maith le comhoibriú agus cumarsáid a fheabhsú i measc ár gcuid daltaí agus páirtithe leasmhara. Chuige sin, táimid ag saothrú linn chun a chinntiú go bhfuil ár gcórais dhigiteacha inrochtana, iontaofa agus cosanta.

Tá sé mar aidhm againn leanúint ar aghaidh ag fás mar eagraíocht foghlama agus cinntímid go bhfuil rochtain ag ár bhfoireann ar dheiseanna forbartha gairmiúla ar bhonn leanúnach. Áirítear leis seo baill foirne a chumasú éirí ina gcleachtóirí machnamhacha, chomh maith lena gcuid scileanna a fheabhsú, agus obair i gcomhar lena gcomhghleacaithe. Aithnímid gur féidir forbairt ghairmiúil a éascú ar bhealaí éagsúla, ó chláir chreidiúnaithe go ceardlanna agus líonraí foghlama gairmiúla.

Tuigimid go bhfuil cuid mhaith d'obair ár n-eagraíochta cumasaithe ag an bhfoireann tacaíochta agus riaracháin inár scoileanna, inár n-ionaid agus inár seirbhísí agus ag na príomhfheidhmeanna tacaíochta sa Phríomhoifig.

Cuirimid luach an-ard ar an méid a dhéanann na coistí éagsúla a thacaíonn le BOOLUF ar leibhéal eagrúcháin agus inár scoileanna agus inár n-ionaid. Oibrímid i gcomhpháirtíocht freisin le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí lárnacha ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta le linn dúinn tréaniarracht a dhéanamh seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcuid daltaí.

# Léarscáil Gheografach de láithreacha BOOLUF



# Ráiteas Straitéise

Is í an fhís atá againn ná soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú go gníomhach i Laois agus in Uíbh Fhailí. Is é ár misean ná barr feabhais a bhaint amach trí oideachas agus oiliúint. Cuirimid foghlaim ag croílár gach a ndéanaimid trí raon leathan de chláir, de sheirbhísí, agus de thacaíochtaí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do dhaoine óga agus d'aosaigh ar fud réigiún BOOLUF.

Creidimid gur fíorthábhachtach an rud í an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar mhaithe le forbairt phearsanta agus folláine, ionchuimsiú sóisialta, agus rath eacnamaíoch. Is iad seo a leanas ár bpríomhluachanna mar sholáthraí seirbhísí:

## Comhionannas

Cothrom na Féinne, meas, agus ionchuimsiú a bheith go smior inár gcaidreamh lenár ndaltaí, páirtithe leasmhara, agus foireann is cultúr a chothú ina gcuirtear fáilte roimh agus go léirítear meas ar an éagsúlacht.

## Obair i gComhar

Ag obair i gcomhpháirtíocht lenár ndaltaí, ár bpáirtithe leasmhara agus ár bhfoireann chun éascaíocht a dhéanamh ar eolas, saineolais agus scileanna a roinnt.

## Nuálaíocht

A bheith fós mar cheannaire i soláthar oideachais agus oiliúna trí smaointí nua a spreagadh, trí chuir chuige éagsúla a thriail agus trí dul i ngleic le hathruithe.

## Gairmiúlacht

Béasacht, éifeachtúlacht agus sármhaitheas inár gcaidreamh lenár ndaltaí, páirtithe leasmhara agus foireann agus a bheith ag obair de réir na gcaighdeán is airde i réimsí an oideachais agus na hoiliúna.

## Ionracas

Macántacht, trédhearcacht, agus rúndacht chomh maith lenár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh mar sholáthraí foghlama ar feadh an tsaoil ar bhealach comhleanúnach eiticiúil.

Socraíonn an Ráiteas Straitéise de chuid BOOLUF cuspóirí ardleibhéil don eagraíocht faoi cheithre Chuspóir Straitéise éagsúla:

1. **Oideachas agus Oiliúnt den Scoth**
2. **Eispéaras den scoth do dhaltaí**
3. **Bunathrú Eagraíochta**
4. **Forbairt Foirne**

Tagraíonn na cuspóirí ní hamháin do theagasc agus d'fhoghlaim ach d’fheabhsú ár seirbhísí tacaíochta agus ár seirbhísí eagraíochta freisin. Tá tacar de thosaíochtaí straitéiseacha mar bhunchloch de gach cuspóir. Dearadh na tosaíochtaí seo chun cuidiú le BOOLUF dul i ngleic leis na deiseanna agus dúshláin atá roimh an eagraíocht sna cúig bliana atá amach romhainn. Mar gheall ar an réimse casta seirbhísí a chuireann sé ar fáil do chuid leathan den phobal, tá sé rí-thábhachtach do BOOLUF leanúint ar aghaidh lena chumas straitéiseach a neartú mar eagraíocht agus níos tábhachtaí arís, mar sholáthraí foghlama ar feadh an tsaoil. Leagann an Straitéis béim ar chomhionnanas agus ionchuimsiú sóisialta a chothú ar bhonn gníomhach. Tá freagrachtaí ag BOOLUF i dtaca le cearta an duine agus comhionannas, mar sholáthraí seirbhíse agus mar fhostóir araon. Chuige sin, leanaimid orainn i mbun cleachtais agus nósanna imeachta a fhorbairt chun leithcheal a dhíbirt, comhionannas a bheith i réim sa chaoi ina dtugaimid deiseanna do agus ina gcaithimid lenár ndaltaí agus lenár bhfoireann, agus cearta daonna díobhsan a chosaint a dtugaimid fostaíocht dóibh nó a ndéanaimid freastal orthu.

# Ráiteas ar Sheirbhísí

| CUSPÓIR 1: OIDEACHAS AGUS OILIÚINT DEN SCOTH | | | |
|---|---|---|---|
| **TOSAÍOCHT** | **BEART** | **TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA** | **SPRIOC** |
| Eispéireas dearfach foghlama a thabhairt do gach dalta/ foghlaimeoir, foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe san áireamh. | Leanfaidh Scoileanna agus Ionaid orthu ó thaobh eispéireas ionchuimsitheach, teagasc ar ardchaighdeán, foghlaim agus eispéiris mheasúnaithe a sholáthar do gach dalta agus foghlaimeoir chomh maith le hiad a fhorbairt a thuilleadh.<br><br>Forbairt ghairmiúil múinteoirí a chothú sa chaoi is go gcuirtear le foghlaim múinteoirí agus a gcuid daltaí. | Glacfaidh Scoileanna BOOLUF páirt sa chlár píolótach chun soláthar a léarscáiliú de chuid BOOÉ/Choláiste Mhuire gan Smál agus sa Phobal Ionchuimsitheach Cleachtais atá curtha ar bun idir na scoileanna go léir<br><br>Sraith de sheimineáir ghréasáin de chuid Ionad Oideachais Laoise & BOOFLUF a chur ar bun agus an Clár Meáncheannasaíocht a bharrfheabhsú<br><br>Leanúint ar aghaidh ó thaobh tacaíochtaí foghlama cumaisc a sholáthar do mhúinteoirí<br><br>Leanúint ar aghaidh ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'fhoirne tacaíochta daltaí i scoileanna ar leith | R1 - R4 |

## CUSPÓIR 2: EISPÉIREAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| Dalta a chur chun cinn Cur chuige a ghlacadh chugainn féin a n-éisteann le tuairimí foghlaimeoirí d'fhonn réimsí a aithint a bhfuil i riocht maith agus réimsí eile ina bhfuil feabhas de dhíth | Cuirfear Comhairlí Foghlaimeoirí ar bun i ngach Ionad BO. | Comhairlí Foghlaimeoirí curtha ar bun. | R4 |
| | Deiseanna aiseolais do dhaltaí agus do thuismitheoirí a fheabhsú. | Próiseas rannpháirtíochta a chur ar bun i measc páirtithe leasmhara tuismitheora ar bhonn leanúnach. | R4 |
| | | Leanúint ar aghaidh le PEDL (Clár maidir le Litearthacht Dhigiteach a Fheabhsú i measc Tuismitheoirí) a chur ar fáil. | R4 |
| | | Tús a chur le Fóram na dTuismitheoirí a chur ar bun. | R1 - R4 |
| | | Leanann scoileanna ar aghaidh ó thaobh tús áite a thabhairt d'aiseolas ó dhaltaí caidreamh a chothú le páirtithe leasmhara ábhartha. | |
| | Leanfar ar aghaidh le Féilire BOO PD a fhoilsiú go míosúil. | Féilire PD | R1 - R4 |
| | Leanúint ar aghaidh ó thaobh FGL (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) saincheaptha a sholáthar do scoileanna d'fhonn freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn. | FGL curtha ar fáil go leanúnach de réir mar is gá | R1 - R4 |
| | Moltaí QQI IR a chur i gcrích. | Tabharfar tús áite do phríomhchodanna na chéad 5 mholadh – Monatóireacht & Athbhreithniú SE, Athbhreithniú Cláir, Eispéireas Foghlama, Cumarsáid, Foireann PD | R1 - R4 |

## CUSPÓIR 2: EISPÉIREAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| | Glacfaidh foghlaimeoirí de chuid BOOLUF páirt i bhFóram Foghlaimeoirí AONTAS. | Tuarascáil ó Fhóram Foghlaimeoirí AONTAS. | R4 |
| | Campus Thulach Mhór BOO a bhunú mar Choláiste na Todhchaí<br><br>Lárionaid BOOLUF BO a Sheoladh | Campus Thulach Mhór BO a Sheoladh | R3<br><br>R3 |
| Curaclam leathan a sholáthar a chuireann san áireamh riachtanais agus spéiseanna na ndaltaí agus na bhfoghlaimeoirí. | Oibriú le TUanna áitiúla chun samhail comhfhorbartha/ comhsheachadta BOO/HE a bhunú | Meitheal a chur ar bun le TU | R3 |
| | Leanúint ar aghaidh ó thaobh tacú le scoileanna maidir le FMS agus leanúint ar aghaidh maidir le caighdeáin a chur i bhfeidhm laistigh de chreat LAOS. | Grúpa Comhairleach Ceannaireachta a bhunú Tacaíocht SSE a sholáthar do gach ceannaire sinsearach agus meánach i scoileanna. | R1 - R4 |
| | Soláthar nua: Altranas agus Eolaíocht i Mainistir Laoise. | Ábhair nua a thabhairt isteach m.sh. Ríomheolaíocht<br><br>Cúrsaí curtha ar bun, Cláir tugtha isteach<br><br>Straitéis BOOLUF 'BOO A Ghlasú' seolta<br><br>Páirt a ghlacadh i dtionscadail spriocdhírithe agus CPD m. sh. Oiliúint san Inbhuanaitheacht BOOÉ Take1 do Scoileanna agus Ceardlanna Saor ó Phlaisteach | R3<br><br>R1 - R4 |
| Córais Dhearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm | Beartas foghlama cumaisc a thabhairt isteach Bearnaí sa bheartas a shainaithint. | Beartas Tugtha Isteach<br><br>Na beartais atá de dhíth aitheanta agus leasaithe | R3<br><br>R4 |

## CUSPÓIR 2: EISPÉIREAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| Tacú le daltaí/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil de réir an bheartais náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair. | Leanúint ar aghaidh i mbun tacaíochtaí cuimsithe ar fud na seirbhísí BOO a fhorbairt. | Oifigeach Tacaíochta Oideachais ceaptha i ngach FETC atá fágtha | R3 |
| | Chríochnaigh 35 duine an Suaitheantas Digiteach UDL agus 10 duine an Suaitheantas Éascaitheora. | Pobal Cleachtais forbartha. | R4 |
| | UDL a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach a thuilleadh agus pobal cleachtais a fhorbairt. | Líon na ndaoine a roghnaíonn UDL a mhéadú | R4 |
| | Cláir Staying Connect d'fhonn dul ar aghaidh go cúrsaí deimhnithe ag leibhéil níos ísle.<br><br>Idirphlé le Grúpaí ar éirigh leo iarratas a dhéanamh ar an MAEDF. | Cláir seachadta agus rochtain ar ghléasanna soláthraithe.<br><br>Rochtain ar ghléasanna d'fhoghlaimeoirí tríd an scéim iasachta ríomhaire glúine, MAEDF agus Scéim Asbhainte Chromebook | R1 - R4 |
| | Múnla rochtana BOO a fhorbairt do dhaoine faoi mhíbhuntáiste pobail | Pobail sainaitheanta i Laois agus<br><br>Uíbh Fhailí do 2022 agus cuireadh tús le hidirphlé | R1 - R4 |
| Tacú le daltaí/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. | Leanúint ar aghaidh ó thaobh tús áite a thabhairt do thacaíochtaí agus idirghabhálacha atá dearfach do gach dalta atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. | Leanúint ar aghaidh ó thaobh tacú le spriocanna DEIS agus athbhreithniú a dhéanamh orthu i scoileanna<br><br>An Tionscadal Power to Progress a chur i bhfeidhm i i gcomhar le UCD | R1 - R4 |

## CUSPÓIR 2: EISPÉIREAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| TSeirbhísí Treorach agus Comhairleoireachta a Sholáthar | Leanfaidh Scoileanna agus Lárionaid ar aghaidh ó thaobh treoir agus comhairleoireacht den scoth a sholáthar do dhaltaí agus d'fhoghlaimeoirí | Beidh foireann Treorach leis na hacmhainní cuí mar thacú ag gach gné de sholáthar BO. | R3 |
| | | Osclaítear Moil Faisnéise BO sa Tulach Mhór agus i bPort Laoise chun an bealach a réiteach do gach foghlaimeoir BO (lucht siúl isteach san áireamh) | R2 |
| | | Tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí ar mian leo cur lena scileanna sa treoir agus sa chomhairleoireacht | R1 - R4 |
| | | Imeachtaí eolais a reáchtáil ar bhonn leanúnach do threoirchomhairleoirí agus do chomhordaitheoirí clár | |
| Áiseanna foghlama/oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar agus a chinntiú go bhforbraítear bonneagar cuí le go mbainfear an leas is fearr as acmhainní | Leanúint ar aghaidh ó thaobh tionchar a imirt ar infheistíocht chaipitiúil RC/SOLAS i Scoileanna agus i bhfoirgnimh BO, go háirithe de bharr éilimh ar áiteanna ó níos mó daoine | Bainistiú a dhéanamh ar gach tionscadal de réir na gcáipéisí treorach teicniúla | R1 - R4 |
| | | A chinntiú go gcuirtear oibreacha i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad | |
| | Tuarascálacha Suirbhé Foirgníochta a dhéanamh do gach Lárionad/Scoil BO | Críochnaíodh Tuarascálacha Suirbhé Foirgnimh, agus tugadh tús áite d'athchóirithe na nIonad | R4 |
| Oideachas amuigh faoin aer a chur chun cinn agus a fhorbairt | OETC Bhiorra a bhunú mar Ionad Bairr Feabhais um Rothaíocht agus straitéis margaíochta a fhorbairt | Seoladh Straitéis Rothaíochta Bhiorra BOOLUF agus é nasctha le forbraíocht Turasóireachta Inbhuanaithe i ndeisceart Uíbh Fhailí | R2 |
| | | Curaclam breisithe le sonrú | |
| | Tugadh gníomhaíochtaí sa bhreis isteach i gcuraclam OETC Bhiorra le linn 2022 | Scoileanna a spreagadh chun leas a bhaint as na gníomhaíochtaí ag OETC Bhiorra agus an bealach a réiteach dóibh le gur féidir leo déanamh amhlaidh. | R2 - R4 |

## CUSPÓIR 2: EISPÉIREAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| Plean le haghaidh déimeagrafaic i mbun athraithe. | Seimineáir/Seimineáir ghréasáin seolta le bheith ar siúl le linn Sheachtain Eorpach um Scileanna Gairme - 16-20 Bealtaine 2022 | Seimineáir/Seimineáir ghréasáin le bheith ar siúl in 2022 | R2 - R4 |
| | Cláir a sholáthar a thacaíonn le fiontair shóisialta phobalbhunaithe i bpobail a bhfuil dídhaonrú ag cur as dóibh. | Leanúint ar aghaidh leis an Socrú Oibre san Innealtóireachta Rothar i gCill Chormaic/Leanúint ar aghaidh le SSTanna a bheith ag obair go cianda. | R1 - R4 |
| | | Leanúint ar aghaidh le cur ar rolla a mhéadú i scoileanna | R4 |
| Idirphlé éifeachtach a dhéanamh le fostóirí | Soláthar a Fhorbairt & a Fhás san dá earnáil | Cúrsa Oiliúna nua BIM seolta i gcomhpháirtíocht le Midland Steel agus Scileanna gaolmhara chun Soláthar a Chur ar Aghaidh tugtha isteach | R3 |
| | Próiseas um Rannpháirtíocht Fostóirí ar fud na hEagraíochta a fhorbairt | Soláthar METAC-bunaithe i bPV Gréine, Teaschaidéil a Shuiteáil agus i Soláthar Iarfheistithe a fheabhsú ag Cnocán Lucas agus sciar BOOLUF de spriocanna náisiúnta gaolmhara a mhéadú dá bharr. | Q 1 - Q4 |
| | | Mol Fiontraíochta a Sheoladh ag Lárionad Scileanna Lár Tíre | R1 |
| | | Imeachtaí cumaisc Seimineáir/Seimineár ghréasáin a sheoladh ag an ionad nua le béim ar 'Fhiontraíocht Inbhuanaithe' i dtús báire, ag tosú le Seachtain Eorpach um Scileanna i mí na Bealtaine 2022. | R2 - R4 |

## CUSPÓIR 2: EISPÉIREAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| Cláir phrintíseachta agus socrúcháin oibre a sholáthar agus a fhorbairt. | Cláir Socrúcháin Oibre agus cláir SST a úsáid mar uirlisí Conairí do lucht fágála scoile isteach i bPrintíseacht agus/nó Poist Ghlasa | Réamh-Phrintíseacht nua a sholáthar i Laois agus in Uíbh Fhailí araon. | Q1 - Q4 |
| | Soláthar Printíseachtaí a mhéadú i Laois agus in Uíbh Fhailí | Líon na bPrintíseachtaí a mhéadú (Céim 2 agus Beo) | R1 - R4 |
| | Soláthar Scileanna Glasa a Fhorbairt & a Fhás | An Cúrsa Oiliúna sa Talmhaíocht Inbhuanaithe a fhás chun teaghlaigh feirme nach bhfuil baint acu le Bord na Móna a thabhairt san áireamh. Tabhairt isteach Soláthair Talmhaíochta Tíosaí<br><br>Réidh chun Cianoibre a athdhíriú ar dhaoine dífhostaithe agus ar mhaithe le hinbhuanaitheacht i bpobal tuaithe.<br><br>Soláthar nua tugtha isteach a dhíríonn ar Ról an Chomhairleora Iarfheistithe agus ar Ról an Teicneora Iarfheistithe | Q1 - Q4 |
| Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna/Ionaid | Leanúint ar aghaidh ó thaobh deimhin a dhéanamh de go bhfuil gach beart chun páistí a choimeád slán sábháilte curtha i bhfeidhm agus go gcomhlíonann scoileanna agus ionaid na ceanglais éigeantacha maidir le Cosaint Leanaí do Dhaoine Óga agus d'Aosaigh Soghonta | A chinntiú go gcomhlíonann na scoileanna na ceanglais i dtaca le CPSI.<br>Oiliúint i gCosaint Leanaí críochnaithe ag gach Bord Bainistíochta Scoile agus ag gach ball foirne nua. | Q1 - Q4 |

## CUSPÓIR 2: EISPÉIREAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| Tús áite a thabhairt do STEM/STEAM i scoileanna. | Cur leis an soláthar Eolaíochta – Clár Teicnící Saotharlainne Leibhéal 5 i Mainistir Laoise – cláir fhriothálacha ag leibhéil 3 agus 4 i bPort Laoise<br><br>Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht na Scoileanna i dtionscadail a bhaineann le STEM/STEAM a chur chun cinn agus a éascú | Leanúint ar aghaidh le feidhmíocht a fheabhsú agus a mheas sna hábhair STEM/STEAM<br><br>A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach dalta ar ábhair STEAM<br><br>A chinntiú go nglacann múinteoirí páirt i FGL sna ceantair seo.<br><br>Rannpháirtíocht le tionscadail nua gaolmhara. m. sh. Léig Lego UCD | Q1 - Q4 |
| Tacaíochtaí foghlama TFC ar ardchaighdeán a chur ar fáil i scoileanna/sna hionaid. | Straitéis agus Plean uileghabhálach TFC a fhorbairt do BOOLUF | Meitheal a chur ar bun | R2 |
| | Neart TFC PD a chur ar fáil don fhoireann ar fad – béim ar fhoireann i mbun leibhéil 2-4 QQI a sheachadadh | | R2 - R3 |
| | Straitéis Dhigiteach do Scoileanna a Chur i gCrích | Úsáid SELFIE a chur chun cinn i scoileanna mar bhunús do phleanáil foghlama digití. | Q1 - Q4 |
| | Leanúint ar aghaidh ó thaobh pleananna foghlama digiteacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ngach scoil. | Tacú le scoileanna maidir le hiarratais a chur isteach ar Ghradaim do Scoileanna Digiteacha.<br><br>Leanúint ar aghaidh ó thaobh tacaíocht a thabhairt do Phobal Cleachtais maidir le Teicneolaíocht Digiteach i Scoileanna BOOLUF<br><br>Tacú le scoileanna chun Straitéis Dhigiteach a chur i gcrích | Q1 - Q4 |

## CUSPÓIR 2: EISPÉIREAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| Comhionannas agus ionchuimsiú sóisialta gníomhach. | Mar chuid de fhreagrachtaí BOOLUF faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí, tá BOOLUF tiomanta do chomhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna na bhfostaithe, na bhfoghlaimeoirí, na n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint, chomh maith leis an bpobal níos leithne a chosaint agus gach duine a mbíonn tionchar ag ár mbeartais agus ár bpleananna orthu. | SRáiteas Luachanna Comhionannais agus Cearta Daonna de chuid BOOLUF a fhorbairt agus a fhoilsiú<br><br>Plean gníomhaithe maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí.<br><br>Sraith de chláir oiliúna um Chomhionannas agus um Chearta Daonna a sheachadadh chun feasacht a ardú agus rannpháirtíocht agus tacaíocht a chothú i leith beartais, cleachtais agus tionscnaimh a bhaineann le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú. | R1 - R4 |
| | Tacaíochtaí comhsheasmhacha foghlaimeora (Cuimsiú) a chur i bhfeidhm i measc na nIonad go léir | Clár oiliúna feasachta idirchultúrtha a fhorbairt is a chur chun cinn i measc na foirne agus foghlaimeoirí | R1 - R4 |
| | Comhpháirtíochtaí nua a fheabhsú agus a fhorbairt in éineacht le páirtithe leasmhara ábhartha chun freastal ar riachtanais oideachais, oiliúna, ealaíonta agus riachtanais oibre don ógra i Laois agus in Uíbh Fhailí | Rochtain a mhéadú d'fhoghlaimeoirí agus a chur ina luí ar níos mó díobh leanúint ar aghaidh lena gcuid oideachais<br><br>Leanúint ar aghaidh ó thaobh cláir a fhorbairt agus a sholáthar trí Music Generation agus an Chomhpháirtíocht Chruthaitheach Óige Áitiúil | <br><br><br><br><br>R1 - R4 |

## CUSPÓIR 2: EISPÉIREAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| | Tacú le gach scoil chun Bunluachanna Scoile | Comhordaitheoir Éiteas a chur ag obair le scoileanna d'fhonn leanúint orthu lenár mbunluachanna a néadú sna timpeallachtaí seo agus chun a chinntiú go bhfuil na bunluachanna céanna go smior i ngach gné dár gcuid oibre sna scoileanna.<br><br>Athbhreithniú SSE a dhéanamh ar thionscadal Bunluachanna i gcomhar le BOOÉ agus OCBÁC<br><br>Scoileanna a ullmhú chun Creat um Phatrúin Scoile de chuid an BOO a chur i bhfeidhm | |
| Cláir Chosanta | Leanfaidh an ARP ar aghaidh ó thaobh soláthar breisithe ESOL a chur ar fáil Cuirfear acmhainní ar fáil d'aon tionscadal nua i Laois nó in Uíbh Fhailí. | Soláthar breisithe de ESOL a chur ar fáil. Tacaíocht a thabhairt do thionscadail ARP nua. | R1 - R4 |

## CUSPÓIR 3: BUNATHRÚ EAGRAÍOCHTA

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| Leanúint le struchtúir a fhorbairt agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta de réir an Chóid Chleachtais. | Oibreoidh BOOLUF in éineacht le ESBS chun an modúl ríomh-Earcaíochta a chur ar fáil ar bhonn céimneach.<br><br>Leanúint ar aghaidh ag obair le ESBS chun an Córas Seirbhísí Airgeadais agus an Córas Bainistíochta Conarthaí a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach. | DOSD Cathaoirleach an Údaráis Dearaidh<br>Baill foirne atá rannpháirteach i meithleacha | R1 - R4 |

## CUSPÓIR 3: BUNATHRÚ EAGRAÍOCHTA

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| A bheith mar phríomhsholáthraí agus cultúr nuálaíochta agus gníomhaíochtaí feabhsaithe a chothú. | Bainistíocht Réadmhaoine – A chinntiú go bhfuil córais leordhóthanach i bhfeidhm chun an fhaisnéis go léir a bhainistiú a bhaineann le réadmhaoin agus léasanna<br><br>Suirbhé ar riocht an fhoirgnimh a dhéanamh do gach ionad réadmhaoine. | Tugadh Córas Bainistíochta Réadmhaoine nua chun críche agus cuireadh i bhfeidhm é in 2022 | R1 - R4 |
| Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne | A chinntiú go gcloítear le spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne Oideachais | Gach tuarascáil reachtúil curtha isteach in am. | R1 - R4 |
| Rialachas eiticiúil a chur chun cinn ar mhaithe le freagracht agus luach ar airgead a chinntiú. | Dea-chleachtas a chinntiú i dtaca le Soláthar | MAPP 2022 a ullmhú agus aird a tharraingt ar réimsí ina bhfuil gá le soláthar ar fud na heagraíochta | R1 - R4 |
| | Cáipéisí SIPO a chríochnú don Bhord, ARC, FC agus gach post ainmnithe fostaíochta lena n-áirítear gach ball foirne sa Roinn Soláthair. | Cáipéisí críochnaithe in am | R1 |
| | Réiteach chun Cáipéisí a Bhainistiú a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcoimeádtar taifid go sábháilte de réir Bheartais Coinneála BOOLUF | Príomhriachtanais a shainaithint agus a chomhaontú maidir le réiteach chun cáipéisí a bhainistiú don eagraíocht d'fhonn tús a chur leis an bpróiseas soláthair chuige sin. | R1 - R4 |
| Creat um Riosca a Bhainistiú a chur i bhfeidhm d'fhonn Cuspóirí Straitéiseacha a bhaint amach | Ráiteas Inghlacthachta Riosca a Fhorbairt | Ráiteas Inghlacthachta Riosca Forbartha | R1 - R4 |
| | Cothabháil a dhéanamh ar Chlár Rioscaí gníomhach | Buaileann an Coiste Riosca le chéile go rialta chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí | |
| | Oiliúint leathnaithe amach ar fud na Scéime | Oiliúint leathnaithe amach i measc na Scoileanna, na Lárionad, agus na nOifigí riaracháin go léir | |
| | Tacóidh an ARC leis an mbord i mbun an chúraim seo | An Clár Riosca curtha faoi bhráid an ARC ag gach cruinniú | |

| CUSPÓIR 3: BUNATHRÚ EAGRAÍOCHTA | | | |
|---|---|---|---|
| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
| Ba cheart do Bhord BOOLUF deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann sé gealltanas sásúil go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar a bhí beartaithe Féinmheasúnaithe an Bhoird | Tabharfar dearbhú leordhóthanach don ARC agus don Bhord go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar a bhí beartaithe.<br><br>Déanfar athbhreithniú ar na moltaí a rinne an C&AG agus an IAU | Cuireadh faoi bhráid an ARC athbhreithniú ar na rialuithe atá i bhfeidhm ag cruinniú mhí an Mhárta<br><br>Cuireadh na moltaí iniúchta go léir i bhfeidhm | R1 |
| | Cuirfidh gach bord iad féin faoi féinmheasúnú, trí leas a bhaint as an gceistneoir atá sa Chód Cleachtais, d'fhonn aird a tharraingt ar réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe a dhéanamh. | Tá an ceistneoir féinmheasúnaithe críochnaithe ag gach comhalta boird agus tá an t-aiseolas curtha ar fáil | R1 |
| Tá saineolas airgeadais le fáil ar gach coiste iniúchta agus airgeadais. | Ba cheart go ndéanfadh an bord ceapacháin ar choistí ARC agus Airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Ba cheart do bhaill sheachtracha na scileanna iniúchta agus airgeadais atá riachtanach a bheith ar a dtoil acu chun dualgais an róil a chomhlíonadh | Airgeadas agus ARC ag feidhmiú de réir an Chóid Chleachtais | R1 |
| an FC agus an ARC i mbun féinmheasúnaithe | Cinnteoidh Cathaoirligh an Choiste ARC AGUS Airgeadais go gcuirfear cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais. | Foirm ar líne a fhorbairt le haghaidh féinmheasúnaithe Tá an ceistneoir féinmheasúnaithe críochnaithe ag gach comhalta agus tá an t-aiseolas curtha ar fáil. | R1 |
| | Féachfaidh Cathaoirleach na mBord chuige go bhfaighidh comhaltaí an Bhoird cóip de gach tuarascáil ar obair an ARC agus an Choiste Airgeadais. | Clár Oibre, Comhfhreagras, tuarascáil CE go léir ar fáil ar sharepoint | R1 - R4 |
| Freastal ar cruinnithe boird | Tarraingeoidh boird faoi leith aird arís ar an ngá le freastal ar gach cruinniú boird de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas BOanna, chun tinreamh 100% a chinntiú. | Clár Tinrimh | R1 |

## CUSPÓIR 3: BUNATHRÚ EAGRAÍOCHTA

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh. | Straitéis Chumarsáide agus Plean Gníomhaithe Cumarsáide atá cuimsitheach a fhorbairt<br><br>Deiseanna le haghaidh líonrú inmheánach a fheabhsú d'fhonn ár gcumarsáid agus seirbhísí inmheánacha a fheabhsú ar bhonn leanúnach | Féilire Imeachtaí a fhorbairt<br><br>Na gealltanais a rinneadh sa Scéim Teanga a chomhlíonadh<br><br>Na meáin shóisialta a úsáid go réamhghníomhach chun ár seirbhísí a chur chun cinn | R1 - R4 |
| Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha. | Leanúint ar aghaidh ó thaobh plé le soláthraithe Pobail agus soláthraithe Deonacha chun QA MOU a bhunú. | MOU sínithe le le soláthraithe Pobail agus soláthraithe Deonacha i Laois agus in Uíbh Fhailí | R4 |
| Cosaint sonraí éifeachtach a chinntiú. | Déanfar monatóireacht ar Chosaint Sonraí lena chinntiú go gcomhlíonfar na rialacháin is gá | Cuirfear oiliúint maidir le cosaint sonraí ar gach ball foirne nua<br><br>Feachtais Feasachta leathnaithe amach i gcaitheamh na bliana | R1 - R4 |
| Plé éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt. | A chinntiú go bhfuil ionadaíocht ag BOOLUF ar Bhoird/Fóraim ábhartha a bhaineann le soláthar Oideachais agus Oiliúna. | Leanfaidh baill BOOLUF orthu ó thaobh freastal ar LCDC, RSF, MRTT, OLDC | R1 - R4 |
| A chinntiú go gcloítear le ceanglais reachtúla agus rialála. | Leanúint orainn ó thaobh ár bpróisis a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh orthu lena chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais reachtúla agus rialála. | Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta do bhaill foirne ábhartha<br><br>Measúnaithe déanta i ngach scoil/lárionad/oifig riaracháin | R1 - R4 |
| Baill Foirne a Earcú agus a Choinneáil | Le tacaíocht ó Sheirbhísí Corparáideacha, déanfaidh Roinn Acmhainní Daonna de chuid BOOLUF Próiseas Ionduchtaithe Ar Líne a leathnú amach do bhaill foirne nua. | Acmhainn Ionduchtaithe ar Líne leathnaithe amach<br><br>Na hacmhainní a ghabhann leis ar fáil do gach ball foirne ar sharepoint<br><br>Feachtais earcaíochta spriocdhírithe | R1 - R4 |

## CUSPÓIR 4: FORBAIRT FOIRNE

| TOSAÍOCHT | BEART | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC |
|---|---|---|---|
| Tacú le Baill Foirne maidir ina bhForbairt Ghairmiúil ar bhonn leanúnach | Ba cheart don CE a chinntiú go:<br>• go gceapfar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna | Bainisteoir Oiliúna ainmnithe<br><br>Oiliúint curtha ar gach ball foirne Grád III, IV, V agus VI ar fud na scéime ón bhForas Riaracháin maidir lena róil agus a bhfreagrachtaí | R1<br><br>R1 |
| | • Déantar anailís ar riachtanais oiliúna maidir le bainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil | Déanfar anailís ar riachtanais oiliúna don roinn airgeadais | R2 |
| | • Tá clár oiliúna sa bhainistíocht airgeadais forbartha agus curtha i gcrích | Oiliúint sa bhainistíocht airgeadais ar bhonn leanúnach spriocdhírithe | R1 - R4 |
| Tacú le ceannasaíocht ar ardchaighdeán agus í a fhorbairt i BOOLUF | Athbhreithniú ar ábhair Gnó agus TF de chuid BOO deiseanna oiliúna a chur ar fáil maidir le Ceannasaíocht | COPanna sa Ghnó agus TF curtha ar bun Clár Ceannaireachta Oiriúnaitheach do Stiúrthóirí<br><br>BOOLUF agus Ionad Oideachais Laoise ag cur barr feabhais ar an gClár Ceannaireachta do cheannairí Scoile | R4<br><br>R1 - R2 |
| A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach ball foirne ar EAP. | Leanfaidh BOOLUF orthu ó thaobh folláine a chur chun cinn i measc baill foirne<br><br>Tá eolas faoi EAP ar fáil do gach ball foirne ar sharepoint | An Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe a chur chun cinn ar bhonn leanúnach, seirbhís a thugann eolas, comhairle agus tacaíocht d'fhostaithe mar chabhair dóibh a gcuid sláinte agus folláine a fheabhsú. | R1 - R4 |
| Timpeallacht oibre atá dearfach, tacúil agus sábháilte a chothú agus tacú le folláine na foirne. | Díriú ar thionscnaimh faoi leith d'fhonn folláine na foirne a chur chun cinn agus d'fhonn spreagadh a thabhairt do rannpháirtíocht foirne. | Cláir folláine curtha i bhfeidhm i ngach scoil, ionad agus oifig riaracháin.<br><br>Aiseanna úrscothacha a fhorbairt sa Cheanncheathrú.<br>bn | R1 - R4 |

# Forléargas ar Sheirbhísí

Tá BBOOLUF ina cheann de phríomh-fhostóirí lár tíre le breis is 1,200 ball foirne agus oideachas agus oiliúint á dtabhairt acu do beagnach 4,424 dalta ag leibhéal iar-bhunscoile agus os cionn 10,500 tairbhí ar chláir agus seirbhísí BOO. Déanann BOOLUF bainistíocht ar naoi scoil iar-bhunscoile agus dhá Ionad BOO ilchláir déag, agus is comhphátrún é ar chúig Scoil Pobail. Tá BOOLUF freagrach as tacú le foráil, comhordú, riaracháin, agus measúnú ar sheirbhísí oibre óige ina limistéar feidhmíochta agus, trí chomhoibriú le hinstitiúidí eile, freagrach as tacaíocht a thabhairt do réimse leathan clár agus gníomhaireachtaí chun oideachas agus cláir oiliúna a sheachadadh nach féidir le gnáthsheirbhísí oideachais i Laois agus Uíbh Fhailí freastal orthu.

Tá tiomantas láidir ag BOOLUF d'oideachas ceoil trí bhíthin Scoil Cheoil Laoise, Music Generation Laoise, agus Music Generation Uíbh Fhailí agus na hIarmhí. Tá go leor taithí ag BOOLUF ar bheith ag obair i gcomhpháirt le go leor grúpaí reachtúla, pobail, agus deonacha.

Tá ionadaíocht ag foireann bainistíochta agus foireann BOOLUF ar go leor boird agus coistí ar fud chontaetha Laoise agus Uíbh Fhailí. Tugann an cur chuige comhpháirtíochta seo deiseanna do ghrúpaí agus eagraíochtaí éagsúla eolas a roinnt maidir le seirbhísí agus chun obair le chéile d'fhonn bearnaí a aithint sa soláthar go háitiúil agus seirbhísí bhreise a chur ar fáil nuair is gá.

# Forléargas ar Mhórthionscadail Chaipitiúla

In 2022 leanfar leis na Mórthionscadail Caipitiúla seo a leanas:

## - Coláiste Pobail Oaklands, Baile Éadan Doire

Scoil nua ar shuíomh glas le freastal ar 1,000 dalta. Rinne DES an tionscnamh seo a rangú ag leibhéal deacrachta 3(7) agus luach caipitil barúlach €20,600,000 móide VAT i gceist. Críochnóidh an Fhoireann Dearaidh Céim 2 (a) i Ráithe 1 le linn 2022. Nuair a fhaightear cead ón Roinn Comhshaoil, cuirfear tús leis an iarratas pleanála mar aon le cur amach ar thairiscintí iomaíocha chun conraitheoir a earcú agus cuirfear tús leis an bpróiseas tógála ansin.

## - Ard Scoil Chiaráin Naofa Clara

Tá comhaontú i bprionsabal faighte ón Roinn Comhshaoil ar an gcoinníoll go ndéanfar measúnú láithreáin chomh maith le luacháil ar an láithreán úrnua atá beartaithe do scoil nua 350 dalta i gcomhair Ard Scoil Chiarain Naofa. Cuirfear deireadh le suirbhéanna láithreáin agus le luacháil i Ráithe 1 na bliana 2022. Tar éis cead a fháil ón Roinn Comhshaoil, eiseofar tuarascáil Chéim 1(a) chuig an Roinn Comhshaoil i Ráithe 2 na bliana 2022. Beidh obair ar siúl chun céimeanna an deartha, na pleanála agus na tairisceana den tionscadal a chríochnú in 2022.

## - Coláiste Dhún Másc

Scoil nua ar láithreán úrnua le freastal ar 1000 dalta. Rangaíodh an tionscadal seo ag leibhéal deacrachta 3(8) agus luach caipitil barúlach €24,580,000 móide VAT i gceist. Críochnóidh an Fhoireann Deartha an Tuarascáil ar Chéim Eatramhach 1 (a) i Ráithe 1 na bliana 2022. Ina dhiaidh sin leanfar ar aghaidh leis an bpróiseas deartha agus táthar ag súil le dul i mbun pleanála i Ráite 4 na bliana 2022.

## - Coláiste agus Institiúid Phort Laoise

Tá síneadh mór (2,636m$^2$) ceadaithe i gColáiste agus Institiúid Phort Laoise. Ullmhóidh an Fhoireann Deartha Céim 1(A) don Roinn Comhshaoil i Ráithe 1 na bliana 2022, leanfar ar aghaidh leis an dearadh ina dhiaidh sin agus cuirfear iarratas ar Chead Pleanála isteach i Ráithe 3 na bliana 2022 mar aon le cur amach ar thairiscintí iomaíocha chun conraitheoir a earcú, agus cuirfear tús leis an síneadh atá beartaithe.

# Fáltais agus Caiteachas Measta do 2022

## Caiteachais Mheasta de Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

| | Bliain dar chríoch 31/12/2022 € | Bliain dar chríoch 31/12/2021 € |
|---|---|---|
| **FÁLTAIS** | | |
| Scoileanna Iar-Bhunscoile & Deontais Phríomhoifige | 34,071,155 | 32,620,282 |
| Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna | 37,639,967 | 33,662,281 |
| Deontais do Sheirbhísí Óige | 790,154 | 666,554 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Fhéinmhaoinithe | 1,707,119 | 2,748,694 |
| Caipiteal | 5,378,395 | 4,152,493 |
| | **79,586,790** | **73,850,304** |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Scoileanna Iar-Bhunscoile & Deontais Phríomhoifige | 34,071,155 | 33,930,043 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 37,639,967 | 34,341,065 |
| Seirbhísí Óige | 790,154 | 631,032 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Fhéinmhaoinithe | 1,707,119 | 2,526,535 |
| Caipiteal | 5,378,395 | 2,906,098 |
| | **79,586,790** | **74,334,773** |

**Farasbarr/(Easnamh) Airgid don Tréimhse**

**Tabhair faoi deara:**
Tá olltoradh 2021 faoi réir iniúchta.

## Caiteachais Mheasta de Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí - Scoileanna agus Príomhoifig

| | Bliain dar chríoch 31/12/2022 € | Bliain dar chríoch 31/12/2022 € |
|---|---|---|
| **ÍOC** | | |
| Teagasc | 28,235,076 | 26,534,271 |
| Riarachán | 2,356,351 | 2,350,852 |
| Cothabháil | 682,021 | 637,110 |
| | **31,273,448** | **29,522,233** |
| **NEAMHPHÁ** | **1,903,543** | **2,738,911** |
| **CLÁIR GHAOLMHARA** | | |
| CL46/20 Covid 19 – Maoirseacht Fheabhsaithe | 0 | 359,788 |
| Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoile | 439,016 | 279,032 |
| CL 46/20 COVID 19 – Díghalrán Lámh & TCP (Trealamh Cosanta Pearsanta) | 0 | 260,652 |
| Straitéis Dhigiteach do Scoileanna | 0 | 222,125 |
| Deontas DEIS | 140,150 | 142,103 |
| CL46/20 Deontas Leabhair | 0 | 121,663 |
| le haghaidh Tacaíochtaí | 145,071 | 95,777 |
| Glantacháin | 90,000 | 83,817 |
| Iompar a Thionlacan Eile - 13 Chlár | 79,927 | 103,942 |
| | **34,071,155** | **33,930,043** |

Miondealú ar chaiteachas aon tionscadail le linn 2021 a bhfuil caiteachas os cionn €50K i gceist. Léirítear aon chaiteachas eile faoin gceannteideal 'Eile' .

## Caiteachais Mheasta de Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí - Breisoideachas & Oiliúint

| | Bliain dar chríoch 31/12/2022 € | Bliain dar chríoch 31/12/2021 € |
|---|---|---|
| <u>CLÁIR BHREISOIDEACHAIS</u> | | |
| Costais Phárolla BOO | 4,459,532 | 4,457,689 |
| Uaireanta Comhoibrithe | 3,949,353 | 3,903,809 |
| Printíseacht SBA | 4,569,032 | 3,085,569 |
| SocrúcháIn Oibre | 4,120,135 | 3,009,869 |
| VTOS | 2,245,642 | 2,480,485 |
| Costais oibriúcháin BOO | 3,693,373 | 2,417,625 |
| Soláthraithe de Shainoiliúint | 2,325,948 | 2,343,440 |
| Youthreach | 2,077,029 | 2,304,668 |
| PLC | 1,923,463 | 2,100,588 |
| Filleadh ar Oideachas | 1,663,418 | 1,768,132 |
| Ionaid Oiliúna Phobail | 1,494,508 | 1,579,681 |
| Tacaíocht Soláthair BO | 761,359 | 1,411,632 |
| Scileanna chun Dul ar Aghaidh | 1,147,649 | 893,046 |
| Litearthacht d'Aosaigh | 690,320 | 841,624 |
| Oiliúint i Scileanna | 868,914 | 628,406 |
| Tionscnaimh um Oiliúint Áitiúil | 762,136 | 380,750 |
| Bearta chun Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú | 400,000 | 281,530 |
| Oideachas Pobail | 231,800 | 199,769 |
| Clár Dídeanaithe | 34,651 | 99,077 |
| ESOL | 86,051 | 83,220 |
| Eile – 3 Chlár | 135,654 | 70,456 |
| | **37,639,967** | **34,341,065** |
| **Iomlán** | **71,711,122** | **68,271,108** |

Miondealú ar chaiteachas aon tionscadail a bhfuil caiteachas os cionn €50K i gceist. Léirítear aon chaiteachas eile faoin gceannteideal 'Eile'.

# GLUAIS

| | |
|---|---|
| AONTAS | An Eagraíocht Náisiúnta um Fhoghlaim Aosach |
| CIR | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca |
| BB | Bord Bainistíochta |
| C&AG | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| BDM | An Bord Deimhniúcháin agus Measúnaithe |
| PC | Pobail Chleachtais |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| TMCL | Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí |
| PCS | Plean Corparáideach Soláthair |
| CCCL | Cigireachtaí um Chosaint agus um Chumhdach Leanaí |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna |
| ROS | Roinn Oideachais agus Scileanna |
| DIA | Duine Idirchaidrimh Ainmnithe |
| OCS | Oifigeach Cosanta Sonraí |
| CCF | Clár Cúnaimh d'Fhostaithe |
| ESBS | Seirbhísí Comhroinnte Gnó um Oideachas |
| BCTE | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| BOO | Breis Oideachais agus Oiliúna |
| CA | Coiste Airgeadais |
| BO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| CGFÉ | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| AFR | An Foras Riaracháin |
| IAU | Aonad Iniúchta Inmheánaigh |

| | |
|---|---|
| LAOS | Ag Breathnú ar an Scoil seo againne |
| CFPÁ | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| TOÁ | Tionscnamh Oiliúna Áitiúla |
| MAMO | Maolú in aghaidh Míbhuntáiste Oideachais |
| MT | Meabhrán Tuisceana |
| TFE | Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta |
| PLC | Teastas Iar-Ardteiste |
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| DCCÉ | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| CCOP | An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí |
| ARS | Aonad Riachtanas Speisialta |
| FMS | Féinmheasúnú Scoile |
| STEAM | Eolaíocht Teicneolaíocht Innealtóireacht Ealaíona agus Matamaitic |
| STEM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| DUF | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| ICG | An tIontaobhas Carthanúil Gairmoiliúna |
| MSU - BCF | Meastóireacht ar an Scoil Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim |

SERVICE PLAN 2022

loetb

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Có-mhaoinithe ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

www.loetb.ie